

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 25 dár Nuachtlitir pobail. D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo imeachtaí éagsúla i rith Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta agus Oíche Chultúir Náisiúnta chun ár gcultúr agus ár n-oidhrecht shainiúil a cheiliúradh (tuilleadh faoi seo ar leathanaigh 3 & 4). Glacann muid buíochas le chuile dhuine a d'freastal ar na himeachtaí seo agus tá suil againn gur bhain sibh taitneamh astu.

Tá go leor deiseanna ag daoine Gaeilge a fhoghlaim anois. Is féidir freastal ar ranganna Teastas Eorpach na Gaeilge atá ar siúl in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg faoi láthair. Tá leibhéil áirithe le fáil (A1, A2, B1 & B2) le freastal ar na riachtanais teanga éagsúla (féach leathanach 4). Eagrófar cúrsaí eile do dhaoine fásta i rith an Fhómhair chomh maith.

Welcome to edition 25 of our Community Newsletter. Comhar Dún Chaocháin Teo organized various activities during National Heritage Week and National Cultural Night to celebrate our unique culture and heritage (further details on pages 3 & 4). We would like to thank all those who attended the events and hope that you enjoyed them. Many opportunities are now available to those who wish to learn the Irish language. You can attend the European Certificate in Irish courses which are currently underway in the Seanscoil Language Centre in Ceathrú Thaidhg. A range of levels are available (A1, A2, B1 & B2) to cater for different levels of ability (see page 4). Other adult learning courses will also be organized during the Autumn. Keep an eye out in local media for details.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Oidhrecht / Heritage & Culture	3-4
Cúrsaí TEG / Irish Courses Stragege	4
Imeachtaí Óige / Youth Affairs	5-6
Blúiríní Eolais / Other Items	7-8
Scéim Shóisialta Tuaithe / RSS	8

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach: Micheál de Búrca
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Séamus Ó Murchú, Uinsíonn Mac Graith agus Diana Ní Thailiúr.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíoch/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuirteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

Seachtain Oidhreachta Náisiúnta / National Heritage Week

Is comhfhiontar é Seachtain Oidhreachta Náisiúnta idir Chomhairle na hEorpa agus Aontas na hEorpa, atá dá reachtáil ag An Comhairle Oidhreachta le tacaíocht na Roinne Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Fáilte Éireann. Is iad príomhaidhmeanna Seachtain Oidhreachta, a bhí ar siúl i mbliana idir an 18ú agus 26ú Lúnasa, ná an oidhreacht tógtha, chultúrtha agus nádúrtha a chur chun cinn agus a chaomhnú. Ó cheann ceann na tíre d'eagraigh daoine aonaracha agus grúpaí imeachtaí éagsúla chun ár gcultúr agus ár n-oidhreacht shainiúil a cheiliúradh, le breis agus trí scór imeacht i gCondae Mhaigh Eo amháin. D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo trí imeacht rathúil i rith na seachtaine. Ar an 21ú Lúnasa, faoi threoir Uinsíonn Mac Graith, bhí taispeántas grianghraif agus léiriú sleamhnáin ar ghnéithe áirithe de shaol na tuaithe mar a bhí san am a caitheadh i gceantar Dhún Chaocháin. An tráthnóna dár gcionn rinne Diana Taylor cuir i láthair ar ghnéithe de sheandálaíocht Chill Chomáin, a thug léargas ar conas a mhair daoine 5000 bliain ó shin. Taispeánadh sraith sleamhnáin le cuidiú le daoine na hiarsmaí ársa seo a aithint ar an talamh. Bhí an dá imeacht seo eagraithe in ionad pobail na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg. Ar an 24ú Lúnasa eagraíodh siúlóid dúlra ar bharr ailt ag Cill a' Ghallagáin. Faoi threoir Shéamuis Uí Mhongáin rinneadh scrúdú ar phlándaí sainiúla an phortaigh. Ba mhaith le Comhar Dún Chaocháin Teo buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a d'freastal ar na himeachtaí agus le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chondae Mhaigh Eo a rinne páirt-maoiniú ar an gclár.

National Heritage Week, a joint initiative of the Council of Europe and the European Union, is co-ordinated by The Heritage Council with support from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and Fáilte Ireland. The principal aims of Heritage Week, which took place this year between the 18th and 26th August, are to promote awareness of the built, cultural and natural heritage, thereby encouraging its conservation and preservation. All over the country individuals and groups organised various events to celebrate the diversity of our unique culture and heritage, with over 60 events taking place in County Mayo alone. Comhar Dún Chaocháin Teo organised three very successful events as part of its programme of activity. To start the proceedings, on the 21st August Uinsíonn Mac Graith presented an exhibition of old photographs and a slide show, documenting aspects of the agricultural, maritime and folklore heritage of Dún Chaocháin in former times. The following evening Diana Taylor gave a lecture on the archaeology of the parish of Cill Chomáin illustrating how our ancestors lived over 5000 years ago. Detailed slides were shown to assist people to identify some of the ancient monuments which dot the landscape. Both events were held in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg. On the 24th August Séamus Ó Mongáin led a guided nature walk 'Siúlóid Dúlra' along the cliff-top at Cill a' Ghallagáin. Along the way participants were introduced to the unique flora which is specially adapted to grow and survive on bog habitats. Comhar Dún Chaocháin Teo gratefully acknowledges the support of all those who attended the events, and of Mayo County Council Heritage Office for part-funding the programme.



Grúpa a ghlac páirt i siúlóid dúlra a bhí eagraithe i gCill a' Ghallagáin le linn Seachtain Oidhreachta Náisiúnta. Faoi threoir Shéamuis Uí Mhongáin (an ceathrú dhuine ar chlé) rinneadh scrúdú ar phlándaí sainiúla an phortaigh. (Pic Uinsíonn Mac Graith)

Oíche Chultúir Náisiúnta / National Cultural Night

Ar an 21ú Meán Fómhair eagraíodh Oíche Chultúir Náisiúnta faoi choimirce Thaisce Chultúrtha Bharra an Teampaill, le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta agus i gcomhar le Comhairle Condae Mhaigh Eo agus eagraíochtaí cultúrtha ar fud na tíre. 'Séard a bhí i gceist ná ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas cultúrtha agus ealaíne na tíre agus deiseanna a chur ar fáil don bpobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla. Ghlac dhá ionad is fiche ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht, Comhar Dún Chaocháin Teo ina measc. Eagraíodh 'Ceardlann Damhsa ar an Sean-Nós' sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg leis an aoi speisialta Pádraig Ó Dubháin, a ghnóthaigh an chéad áit agus Corn Náisiúnta TG4 sa rannóg Rince Aonair ar an Sean-Nós ag an Oireachtas 2011.

The Temple Bar Cultural Trust, with support from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, and in association with Mayo County Council and cultural organisations throughout the country, organised a National Cultural Night on 21st September. The aim of the initiative was to celebrate the cultural and artistic richness of Ireland and to give communities an opportunity to partake in various activities. Twenty two venues in County Mayo participated, including Comhar Dún Chaocháin Teo, which organised a 'Sean Nós Dancing Workshop' in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg with special guest Patrick Devane, winner of the TG4 National Trophy in the Sean-Nós Dancing category at the Oireachtas 2011.



Cúrsaí Gaeilge / Irish Language Courses

An Teastas Eorpach sa Ghaeilge / The European Certificate in Irish

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, ag eagrú cúrsaí gaeilge in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg d'fhoghlaimoirí fásta. Bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i rith an chúrsa, beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuintín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Faoi láthair tá Leibhéal B1 agus B2 (meán leibhéal) ar bun chuile oíche Dé Máirt ag tosnú ag 7.00 i.n agus tá Leibhéal A1 (le haghaidh tosaitheoirí) agus Leibhéal A2 chuile oíche Deardaoin ag 7.00 i.n.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with The Languages Centre, National University of Ireland Maynooth and Údarás na Gaeltachta, is organising Irish language courses in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre), Ceathrú Thaidhg to cater for adult learners. Based on the classes and on other language activities which are organised during the course, participants will have an opportunity to undertake an exam to obtain the European Certificate in Irish. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. At present Levels B1 and B2 (intermediate) are held on Tuesday nights starting at 7.00 p.m. and Level A1 (Beginners) and A2 take place on Thursday nights at 7.00 p.m. Tá breis eolais le fáil ó Vincent ag 087 7557244 nó ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642.

Áisleabhar do Thuismitheoirí / Basic Irish Phrasebook for Parents

Tá an leabhar **Bun-Ghaeilge do Thuismitheoirí**, atá roinnte i gcaibidlí le téamaí éagsúla (mar shampla Ar Maidin, An Naíonra, Sa Siopa, Sa Ghairdín arl.) mar áis do theaghlaigh gur mian leo cúpla focal a úsáid agus iad i mbun gnásanna agus gníomhaíochtaí an lae. Tá dlúthdhiosca leis an leabhrán, mar chabhair le foghraíocht, agus cloistear gach abairt atá sa leabhrán air. Tá ceithre leagan ar fáil, ceann do chuile chanúint mar atá Connacht, Mumhan, Uladh agus canúint chaighdeánach. €10 an costas atá ar an bpacáiste.

The book **Bun-Ghaeilge do Thuismitheoirí** is divided into chapters covering various themes (such as *Ar Maidin/In the morning*, *The Naíonra, Sa Siopa/In the shop*, *Sa Ghairdín/In the garden* etc.) to assist families who wish to incorporate the use of the *Irish language* into their daily activities. An accompanying CD provides assistance with pronunciation as it goes through each phrase in the book. Four different versions of the latter are available, one for each dialect (Connaught, Munster, Ulster and a standardized dialect). The package costs €10. Contact: Forbairt Naíonraí Teoranta T: 01 853 5101 R: eolas@naionrai.ie

Imeachtaí Óige / Youth Affairs

Campaí Samhraidh / Summer Camps

Eagraíonn coiste Campaí Samhraidh Iorrais campaí samhraidh trí mheán na Gaeilge ar fud cheantar Iorrais le cuidiú airgeadú na Roinne Ealaíne, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. An aidhm atá leis na campaí, atá dírithe ar pháistí san aoisghrúpa ó sé mbliana d'aois go dhá bhliain déag d'aois, ná iad a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithe ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. Seachtain siamsaíochta, spraoi, agus scléip atá ann le himeachtaí mar spórt, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhránaíocht, cluichí boird agus barbeque. I mbliana eagraíodh campaí i bparóiste Chill Chomáin ag Ceathrú Thaidhg agus i nGleann na Muaidhe (do pháistí san aoisghrúpa ó trí bliana d'aois go dtí 6 bliana d'aois). Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le Bríd Ní Sheighin (Príomhoide Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg) agus Loretta Uí Ghuidhir (coiste bainistíochta Scoil Náisiúnta Bharr na Trá) as a gcomhoibriú agus a gcabhair.

The committee of Campaí Samhraidh Iorrais organises summer camps through the medium of Irish throughout the Erris area with the assistance of funding it receives from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. The aim of the camps, which are targeted at children in the six to twelve year age group, is to encourage them to speak Irish in an enjoyable environment. The week-long programme of activity includes sports, art, crafts, traditional dancing, singing, board games and a barbeque. This year camps were held in the parish of Cill Chomáin at Ceathrú Thaidhg and Gleann na Muaidhe (the latter for children from 3 to 6 years of age). The committee would like to thank Bríd Ní Sheighin (Principal Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg) and Loretta Mc Guire (management committee of Scoil Náisiúnta Bharr na Trá) for their co-operation and assistance.



Páistí bunscoile a d'frestal ar champa samhraidh i gCeathrú Thaidhg, in éineacht le foireann an champa Caitlín Ní Chonghóile, Máire Bríd Uí Ghraith, Treasa Ní Ghearraigh (Coiste Campaí Samhraidh Iorrais) agus Áine Ní Mhurchú. (Pic: Uinsíonn Mac Graith)

Óige na Gaeltachta Teo

Ag éirí as moltaí Ógshaothar (staidéar ar ógsheirbhísí Gaeilge agus Gaeltachta agus ar riachtanais agus éilimh dhaoine óga) bunaíodh Óige na Gaeltachta Teo i 2006 chun seirbhísí óige go hiomlán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do ghrúpaí /eagraíochtaí atá ag plé leis an óige ins na Gaeltachtaí ar fud na tíre. Is í Joanne Ní Fhlatharta atá ceaptha mar oifigeach forbartha i réigiún Chonnacht/Laighean. Déanann an eagraíocht freastal ar an aois ghrúpa ó seacht mbliana d'aois go dtí ocht mbliana déag d'aois. Cuireann an comhlacht seirbhís tacaíochta, forbartha, monatóireachta, árachas agus maoiniú ar fáil do chlubanna, ghrúpaí pobail nó aon eagraíocht atá ag freastal ar riachtanais an óige, ach iad a bheith ar bhonn dheonach agus ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Eagraítear cúrsaí traenála freisin le haghaidh na daoine óga agus na cinnirí. Ar chuireadh ó Chlub Óige Cheathrú Thaidhg rinne Joanne cur i láthair i gColáiste Chomáin, Ros Dumhach ar an 19ú Meán Fómhair chun cúlra agus imeachtaí na heagraíochta a mhíniú do thuismitheoirí agus déagóirí áitiúla. Tá sé beartaithe go mbeidh baill an chlub ag teacht le chéile i gColáiste Chomáin chuile oíche Dé hAoine óna 7.00 go 9.00 i.n. le haghaidh imeachtaí éagsúla.

Following the recommendations of Ógshaothar (a report on Irish youth services and on the requirements of young people), Óige na Gaeltachta Teo was set up in 2006 to provide youth services through the medium of Irish for groups or organizations operating in Gaeltacht areas. Joanne Ní Fhlatharta is the appointed development officer for the Connacht/Leinster region. The organization caters for individuals aged between seven and eighteen years of age. The company offers a support, advisory and mentoring service, as well as insurance and funding to youth clubs or community groups dealing with youth provided they are voluntary and operating through the medium of Irish. Leadership courses are also organised. On the invitation of Club Óige Cheathrú Thaidhg Joanne gave a presentation in Coláiste Chomáin, Ros Dumhach on 19th September to explain the organization's background and activities to local parents and young people. It is planned that youth club members will meet in Coláiste Chomáin every Friday from 7.00 to 9.00 p.m. to take part in various activities.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Joanne ag 091 506014 nó 087 9092543 nó ar an ríomhphost ag joanne@onag.ie.



Tuismitheoirí agus déagóirí a d'freastal ar an gcruinniú eolais le Joanne Ní Fhlatharta (Oifigeach Forbartha le hÓige na Gaeltachta Teo) i gColáiste Chomáin.

BLÚIRÍNÍ EOLAIS / FOR YOUR INFORMATION

Cúrsa Ríomhaireachta / Computer Course

Más maith leat scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim, nó barr feabhais a chur ar na scileanna atá agat cheana féin, seo é do sheans. Tá sé beartaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo cúrsa ríomhaireachta d'fhoghlaimoirí fásta a eagrú (ag brath ar éileamh) i Scoil Náisiúnta Ceathrú Thaidhg faoi stiúir Seán Ó Muineacháin. Dhá uair a'chloig, oíche sa tseachtain, thar ocht seachtaine a bhéas i gceist agus 'sé an costas atá ar an gcúrsa ná €40. Ba chóir clárú roimhré tré teagmháil a dhéanamh le Treasa ag 097 88082 nó 087 1251642 roimh Dé hAoine an 5ú Deireadh Fómhair.

If you would like to learn computer skills, or improve on your existing skills, this is your chance. Comhar Dún Chaocháin Teo intends to organize a computer skills course for adult learners (pending sufficient demand) in Ceathrú Thaidhg National School with tuition provided by John Monaghan. The course will consist of two hours tuition, one night a week, over eight weeks and costs €40. As places are limited please register in advance by contacting Treasa on 097 88082 or 087 1251642 before Friday 5th October.

Taispeántais Chócaireachta / Cookery Demonstrations

Beidh an cócaire cáilithe Calann Uí Cheallaigh ag eagrú taispeántais chócaireachta ina teach ar an gCorrán Buí ag tosnú Dé Luain, an 15ú Deireadh Fómhair, óna 7.00 go 9.00 i.n. Oíche BÁCÁLA atá mar théama ar an seisiún seo agus cuirfidh Calann leideanna agus comhairle ar fáil chun cuidiú leat feabhas a chur ar do chuid bÁCÁLA. Is féidir dul i dteagmháil le Calann ar 086 1650813 le haghaidh breis eolais.

Qualified chef Calann Kelly will be organising cookery demonstrations in her home in Corrán Buí starting on Monday, 15th October, from 7.00 to 9.00 p.m. The theme of this session is *Bake Night* and Calann will provide useful hints and suggestions to improve your home baking. For further information please contact Calann on 086 1650813.

Ranganna Damhsa Traidisiúnta / Traditional Irish Dancing Classes

Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta le Nessa Ní Chuimlín sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg chuile Aoine óna 5.00 go 7.00 i.n. Tá céim sa Damhsa agus Ceol Gaelach bainte amach ag Nessa ó Ollscoil Luimnigh. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta agus is bealach iontach é chun aclaíocht a fháil agus bualadh le daoine. Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803 nó ar an ríomhphost ag nessatimlinschool@gmail.com nó dunchaochainl@eircom.net

Traditional Irish Dancing Classes are held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg every Friday from 5.00 to 7.00 p.m. with tuition provided by Nessa Timlin who has a Bachelor of Arts in Irish Music and Dance from the University of Limerick. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. This is a fun way of learning to dance, getting exercise and meeting new friends. For further information please contact Nessa on 086 6686803 or e-mail nessatimlinschool@gmail.com or dunchaochainl@eircom.net

Club Scannáin / Film Club

Taispeánfar an chéad scannán eile den Chlub Scannáin sa Seanscoil, Ceathrú Thaidhg Dé Céadaoin, an 3ú Deireadh Fómhair, ag 7.30 i.n. Tugtar cuireadh do dhaltáí meánscoile agus tuismitheoirí freastal agus tá an imeacht saor in aisce.

The Film Club will be showing its next film in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on Wednesday, 3rd October, at 7.30 p.m. Secondary school students and adults are invited to attend. Admission is free.

Bailiúcháin Éadaí / Cash for Clobber

Tá Naíonra Ghleann na Muaidhe ag eagrú feachtais 'cash for clobber' faoi láthair. Má tá éadaí, brailíní, pluideanna, cuirteíní, bróga, málaí, criosanna agus a leithéid agat, nach bhfuil ag teastáil uait, is féidir iad a

thabhairt chuig an Naíonra idir 9.30 r.n. agus 1.00 i.n. ó Luan go hAoine. Tá breis eolais le fáil ó Mháire Cáit ag 087 9714395.

Naíonra Ghleann na Muaidhe is currently organising a 'cash for clobber' initiative. If you have clothes, bed linen, curtains, shoes, bags, belts etc which you no longer require and would like to donate them please contact Máire Cáit on 087 9714395. Materials can be dropped off at the Naíonra between 9.30 a.m. and 1.00 p.m. from Monday to Friday or can be collected by prior arrangement.

Lóistín Féin-Fhrestail / Self Catering Accommodation

Má tá lóistín féinfhrestail le fáil ar chíos agat, agus go dteastaíonn cuidiú uait é a chur i láthair chustaiméirí in Éireann nó i Sasana, seo é do sheans. Téigh i dteagmháil le Imagine Ireland ar 1890 94 6663 nó tabhair cuairt ar a suíomh idirlíne imagineireland.com Tá sé molta réamhullmhúcháin a dhéanamh anois chun clárú i 2013.

If you have self-catering accommodation to rent, and would like assistance to promote it to potential customers in Ireland and in the U.K. you may wish to contact Imagine Ireland on 1890 94 6663 or visit their website imagineireland.com It is advisable to prepare now for registration in 2013.

An Scéim Shóisialta Tuaithe / The Rural Social Scheme

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na hoibreacha atá ar bun faoi láthair:-

- * *Tógáil balla cosanta gar don Alt Mór i bPort a' Chlóidh (ceadaíodh €3000 faoi chiste Fhiontair Chomhraic Teo le haghaidh an tionscnaimh seo)*
- * *Bailiú bruscair ar thránna mar chuid den bhfeachtas 'Beartas in Aghaidh Bruscair'*
- * *Cothabháil ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg*
- * *Obair chothabhála ar an Seanscoil i gCeathrú Thaidhg (deasú balla, péinteáil arl.)*

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, under the auspices of Údarás na Gaeltachta, and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. The following are some of the works been undertaken at present:-

- * *The construction of a stone wall at Alt Mór in Port a' Chlóidh (€3000 was granted by the Fiontar Chomhraic Teo fund for this project)*
- * *Refuse collection at local beaches as part of 'Mayo Litter League'*
- * *Maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks*
- * *Enhancement works at the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg (repair of internal wall, painting, varnishing etc.)*

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ag 087 9785035